GX2563

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

DÁMHA NA nDÁN AGUS AN LÉINN CHEILTIGH

ARD-DIOPLÓMA I gCUMARSÁID FHEIDHMEACH

SCRÚDUITHE NA BLIANA 2000 - 2001

SEIMEASTAR 1

FÍS

Pádraig Ó Héalaí
Brian Ó Donnchadha
Ciarán Ó Cofaigh
Trevor Ó Clochartaigh

Freagair Roinn A agus trí cheist as Roinn B.

Maidir le Roinn A : Beidh marc ar fáil do gach ceist a fhreagraítear i gceart, ach bainfear marc do gach ceist a fhreagaítear mícheart. Caithfear an leathanach scaoilte a ghabhann leis seo a úsáid i bhfreagairt na gceisteanna ilroghnacha seo ar fad. Má thugtar dhá fhreagra ar cheist is é an ceann mícheart a chuirfear san áireamh don mharcáil.

Maidir le Roinn B : Úsáid freagarleabhar ar leith do gach ceist.

Dhá uair an chloig a cheadófar.

Roinn A

Beidh marc ar fáil do gach ceist a fhreagraítear i gceart, ach bainfear marc do gach ceist a fhreagaítear mícheart. Caithfear an leathanach scaoilte a ghabhann leis seo a úsáid i bhfreagairt na gceisteanna ilroghnacha seo ar fad. Má thugtar dhá fhreagra ar cheist is é an ceann mícheart a chuirfear san áireamh don mharcáil.

1. Cé leis an mbeidh léiritheoir teilifíse neamhspleách ag déileáil ó lá go lá agus é i mbun clár a léiriú do stáisiún teilifíse ar nós TG4?

a) An ceannasaí
b) An fáilteoir
c) An t-eagarthóir coimisiúnaithe
d) An maor teicniúil

2. Cé mhéad focal a bheadh ag teastáil i script teilifíse a bheadh nóiméad amháin ar fad?

a) 60
b) 200
c) 150
d) 180

3. Cén fhormáid as an liosta seo a leanas atá mar phríomhfhormáid scannáin ó thaobh teilgin amharclainne?

a) 35mm
b) 16mm
c) 70mm
d) 8mm

4. Céard a iompraítear i gcábla 4 biorán XLR (4 pin)?

a) Fís
b) Fuaim
c) Cumhacht
d) Amchód

5. I gcás léirithe ghinearálta, cén duine atá freagrach as an gclár ó thaobh struchtúir agus íomhá?

a) Léiritheoir
b) Bainisteoir urláir
c) Stiúrthóir
d) Dearthóir

6. Ar théip SVHS, cén áit a stóráiltear an t-amchód LTC?

a) Ar an rian físe
b) Ar an rian smachta
c) Ar rian fuaime
d) Ar rian amchóid

7. Cén duine as an liosta thíos atá freagrach as an téip ar an láthair?

a) Stiúrthóir
b) Cúntóir léirithe
c) Duine ceamara
d) Eagarthóir

8. Cé acu seo leanas <u>nach</u> stáisiún teilifíse Éireannach atá ann?

a) TG4
b) RTÉ
c) S4C
d) TV3

9. Cá mbíonn an scagaire de ghnáth ar cheamara físe?
a) Os comhair an lionsa
b) Os comhair an imrisc
c) Ar chúl an imrisc
d) Faoin lionsa, in aice leis an gcnap maébhán

10. D'obair stiúideo, cén duine as an gcriú (atá sa bhosca) atá ag gearradh go fisiciúil idir na seatanna éagsúla ó na ceamaradóirí.
a) Oibreoir Téipe
b) Dearthóir
c) Eagarthóir
d) Meascthóir Físe

11. Céard is brí le VITC?
a) Vertical Integrated Time Code
b) Visible In Time Code
c) Vertical Interval Time Code
d) Vertical Interval Time-code Cable

12. I gcás léirithe stiúideo, cén duine atá ag feidhmiú mar ghuth an stiúrthóra ar an urlár?
a) Léiritheoir
b) Bainisteoir urláir
c) Leictreoir
d) Dearthóir

13. Cé a scríobhann an réamhrá do scéal nuachta teilifíse de ghnáth?
a) An t-iriseoir a rinne an scéal
b) An léitheoir nuachta
c) An príomheagarthóir nuachta
d) An ceamaradóir

14. Cé acu a leanas atá ceart i gcomhthéacs iarléiriú scéil nuachta?
a) Faoin eagarthóir físe atá sé an t-iarléiriú a stiúradh
b) Faoin tuairiscóir atá sé an t-iarléiriú a stiúradh
c) Faoin gceamaradóir atá sé an t-iarléiriú a stiúradh
d) Faoin bpríomheagarthóir nuachta atá sé an t-iarléiriú a stiúradh

15. Cén acu de na staideanna éagsúla iar-léirithe seo a leanas a bhíonn mar phointe tosaithe go hiondúil do leagan amach cláir ?
a) Ar líne
b) Measchadh fuaime
c) Graific
d) Réamhlíne

16. Cé acu seo a leanas nach scéal 'crua' nuachta atá ann?
a) Timpiste
b) Dúnmharú
c) Scéal áitiúil
d) Forbairt pholaitiúil

17. Cén uair is gá meábhán a dhéanamh ar cheamara físe?
a) Sula nglactar gach seat
b) Gach uair a bhíonn athrú ar an solas
c) Nuair a bhogtar an ceamara ar an seastán
d) Tar éis fócasú a dhéanamh

18. Cén fhormáid as an liosta seo a leanas nach formáid analógach í?
a) Beta SP
b) Hi 8
c) DVC Pro
d) VHS

19. Cé acu seo a leanas ar gnéchlár teilifíse é?
a) Clár spóirt
b) Clár faisnéise
c) Clár nuachta
d) Scannán

20. Cé acu seo a leanas <u>nár</u> cheart a bheith mar chuspóir agat agus tú ag scríobh 'cóirithe' do chlár faisnéise?
a) A sheiceáil an bhfuil aon rud in easnamh
b) A sheiceáil an oibreoidh do smaoineamh i bhfoirm cláir
c) A sheiceáil an bhfuil dóthain ábhair leis an scéal a insint
d) An sórt taighde ba cheart a dhéanamh a sheiceáil

Roinn B

Trí cheist le freagairt. Úsáid freagarleabhar ar leith do gach ceist.

1. Déan cur síos ar na príomhdhifríochtaí idir cúramaí an stiúrthóra agus cúramaí an léiritheora i gcás léirithe ar an láthair (aon cheamara).

2. Tabhair leagan amach samplach do na próisis réamhléirithe, léirithe agus iarléirithe a bhainfeadh le clár leathuaire faisnéise ó thús deireadh.

3. Tá TG4 ag lorg clár do dhaoine idir 18 agus 25 bliain d'aois don sceideal úr atá acu. Leag amach coincheap do clár nó sraith de chláir theilifíse dóibh, a mbeadh 'Na Ceiltigh Óga' mar theideal orthu. Léirigh an fhormáid ina mbeidh na cláir déanta, mar aon le fad agus líon na gclár sa tsraith.

4. Déan cur siós beacht cruinn ar eagarthóireacht ionsáite agus ar eagarthóireacht tiomsucháin. Cur i gcomparáid iad ag tabhairt san áireamh na buntáistí agus mí-bhuntáistí a bhaineann leo.

5. Déan cur síos ar na céimeanna atá i gceist chun téip nua SVHS a dúchan.